


COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

# Plean Forbartha Straitéisí

2023–2027



Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann © 2023
45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2, D02 VY60
Éire
www.irishmanuscripts.ie

Luaigh an doiciméad mar seo a leanas:
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, Plean Forbartha Straitéisí, 2023–2027

Priontáilte ag Full Circle Print Solutions Ltd















*Seoltaí leabhar IMC 2018–2022*

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

# Plean Forbartha Straitéisí

2023–2027

Roinn an Uachtaráin
Sráid Mhuirbhthean Uach.
Baile Átha Cliath
(Dublin)

Rev T. Corcoran ✓
McNeill ✓
Provost ✓
Dr McCaffrey ✓
Butler
J. J. Hogan
Best
and [illegible]

An instruction to be issued to Dr MacNeill regarding the terms of reference of the Com. & a proposed personnel. The names on this list were suggested as suitable. Dr MacNeill's views on the matter might then be secured and having reached accommodation - the subcom. report to the Govt.

---

Binchy
Tom F. O'Rahilly
O'Donovan
O'Máille
Hogan

NAI, DTS5509A

# Clár an Ábhair


4 Réamhra

6 Ag féachaint chun cinn

8 Mar fhoilsitheoir

11 **Clár Foilsitheoireachta 2023-2027**

12 Mar chomhpháirtí comhoibríoch

13 Mar chomhairleoir

14 Mar thionscnóir feasachta

16 Mar thacadóir do thionscnaimh dhigiteacha

18 **Acmhainní Digiteacha IMC**

19 Torthaí 2018–2022

24 Cairt eagraíochta

# Réamhrá

Tá ról fíor-riachtanach ag COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (IMC) mar fhoilsitheoir foinsí príomhúla a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta thar ceann na hÉireann. Tá sainchúram IMC bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le scaipeadh, caomhnú agus cur chun cinn ábhar foinsí príomhúla — faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach — ar stair agus ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus a pobal.

Ó bunaíodh IMC i 1928 tá sé ag tuairisciú ar lámhscríbhinní agus ar pháipéir ar díol spéise liteartha, staire agus ginearálta iad a bhaineann le hÉirinn, agus tugann sé comhairle faoina gcaomhnú agus faoina bhfoilsiú. Idir fhoilsitheoireacht cló agus fhoilsitheoireacht dhigiteach, is í an phríomhfheidhm atá aige ná a fheidhm mar fhoilsitheoir eagrán lámhscríbhinní agus saothar atá as cló ach a bhfuil tábhacht stairiúil agus tábhacht chultúrtha acu.

Braitheann IMC ar a dheontas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chomh maith lena dtuilleann sé óna cuid foilseachán. Is éard atá i mballraíocht an Choimisiúin staraithe ó gach ollscoil ar oileán na hÉireann, chomh maith le cartlannaithe, leabharlannaithe agus ginealeolaithe. Tá stiúrthóir Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann ar an gCoimisiún, chomh maith le stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus na Cartlainne Náisiúnta, Éire. Ní fhaigheann na comhaltaí aon luach saothair as an rannchuidiú fíor-riachtanach a dhéanann siad le foilseacháin a bhainistiú agus le hathbhreithniú piaraí a dhéanamh orthu; gan an rannpháirtíocht neamhleithleach sin, ní bheadh an Coimisiún in ann a chúram a dhéanamh. Tá traidisiún seo na seirbhíse don scoláireacht agus don stát á chothabháil ó shínigh Uachtarán na hArd-Chomhairle





W. T. Cosgrave barántas ceapacháin an Choimisiúin an 10 Deireadh Fómhair 1928. Réamhrá Is bord saineolaithe é IMC, i mbeagán focal, agus tá sé mar aidhm aige na hábhair a sholáthar chun stair na hÉireann agus a pobail a thabhairt chuig an lucht féachana is leithne is féidir.

Tá IMC ag feidhmiú laistigh de na riachtanais airgeadais le deich mbliana anuas, agus mar sin déanann sé a chúram ar bhealach costéifeachtach. In aitheasc an Uachtaráin Mícheál D. Ó hUiginn le linn seoladh *Cambridge History of Ireland* an 30 Aibreán 2018, tharraing sé aird ar an luach agus ar an ríthábhacht a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an stair chomh maith le foinsí a bheith ar fáil chun an stair a thuiscint agus é ag rá gurb "í ár stair oidhreacht ár bpobal go léir, gur ceist dúinn go léir í a thuiscint, agus gurb éard a dhéanfadh poblacht ar fiú a teideal an t-ábhar staire atá ann a eagrú sa chaoi go mbeadh séchomh inrochtana agus is féidir don phobal go léir."

Cuireann an plean straitéiseach seo le haghaidh 2023–2027 le *Plean Forbartha Straitéisí 2018-2022* an Choimisiúin lenar cuireadh treochlár ar fáil d'fhorbairt IMC le cúig bliana anuas (féach Torthaí 2018-2022) agus tá sé bunaithe ar shuirbhé ar líne ar pháirtithe leasmhara a rinneadh i Samhain-Nollaig 2022.

Dála pleananna a bhí roimhe seo, leagtar béim in *Plean Forbartha Straitéisí 2023–2027* ar phríomhfheidhm IMC mar fhoilsitheoir foinsí príomhúla, agus béim á leagan ag an am céanna ar an bhfreagracht atá ar IMC feasacht phoiblí agus institiúideach a chur chun cinn maidir leis an ngá atá le foinsí príomhúla a chaomhnú, a chatalógú agus a chur ar fáil cibé áit a bhfuil siad le fáil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a rannchuidigh ar bhealach ar bith le *Plean Forbartha Straitéisí 2023–2027* a ullmhú. Tá an Coimisiún faoi chomaoin ar leith ag comhaltaí a Choiste um Athbhreithniú Straitéiseach: An Dr Peter Crooks, an Dr Cathy Hayes, an tOllamh David Hayton, an Dr Niamh Howlin agus Nicola Morris Uasal. An tUasal Aideen Ireland, a bhíodh sa Chartlann Náisiúnta, Éire, ghlac sí go fial le cuireadh chun gníomhú mar Chathaoirleach ar an gCoiste, agus rinne sí rannchuidiú luachmhar.

Ghlac an Coimisiún an *Plean Forbartha Straitéisí 2023–2027* go foirmiúil an 27 Márta 2023.

John McCafferty
Cathaoirleach, Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

# Ag féachaint chun cinn

## Fís

Is í an fhís atá ag IMC feasacht phoiblí agus institiúideach a chur chun cinn maidir le hábhair foinsí príomhúla ar stair, ar chultúir agus ar oidhreacht na hÉireann agus a pobal, agus rochtain ar na hábhair sin a chur chun cinn.

Freastalaíonn IMC, go háirithe, ar an oidhreacht chultúrtha agus ar na pobail acadúla i gcomhar lena seirbhísí don phobal i gcoitinne agus tá sé tiomanta do thacú le cuspóirí straitéiseacha an Rialtais le haghaidh na hoidhreachta cultúrtha náisiúnta.

## Tosaíochtaí straitéiseacha 2023–2027

Tógann an plean seo ar thorthaí an phlean forbartha straitéisí a bhí ann roimhe seo go sonrach agus ar bhealach níos ginearálta tógann sé ar an gcáil idirnáisiúnta atá gnóthaithe ag IMC le beagnach 100 bliain ó foilsíodh na foinsí príomhúla ar stair, cultúir agus oidhreacht na hÉireann agus a pobal.

Sainaithníodh na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas do na cúig bliana amach romhainn:


- Déanfaidh IMC a ról mar **phríomhfhoilsitheoir** maidir le hábhair foinsí príomhúla ar stair na hÉireann agus a pobal a leathnú agus a fhorbairt tuilleadh, é ag tógáil ar an gcáil atá air mar fhoilsitheoir ó 1928;

- Déanfaidh IMC tuilleadh forbartha ar a ról mar **chomhpháirtí comhoibríoch** d'fhonn an saibhreas foinsí ar stair na hÉireann agus ar a pobail a chur i láthair an lucht féachana is leithne is féidir;

- Déanfaidh IMC a chúram mar **shainchomhairleoir** maidir le saincheisteanna agus beartais a bhaineann le lámhscríbhinní, taifid stairiúla agus réada cultúrtha. Ar bhonn na taithí institiúidí comhchoitinne atá ag IMC agus an tsaineolais atá ag a chomhaltaí aonair, cuirfidh IMC idir chomhairle réamhghníomhach agus fhrithghníomhach ar fáil don Rialtas, do na forais chultúrtha náisiúnta agus do chomhlachtaí agus institiúidí cultúrtha eile;

- Déanfaidh IMC tuilleadh forbartha ar a chuid gníomhaíochtaí mar **thionscnóir feasachta ar an ngá atá le foinsí príomhúla a chaomhnú**. Cuirfidh sé spreagadh agus comhairle ar fáil d'institiúidí (poiblí nó príobháideach), don lucht gnó, do charthanais, do chomhlachtaí deonacha agus do dhaoine aonair maidir le caomhnú na dtaifid a bhíonn á gcoimeád acu, bídís ina dtaifid reatha nó neamhreatha;

- Tá IMC tiomanta d'acmhainní digiteacha a tháirgeadh agus tá sé mar aidhm aige digitiú a dhéanamh ar a chuid foilseachán go léir dá chomóradh céad bliain in 2028 d'fhonn iad a fhoilsiú ar líne faoi dheireadh. Ó thaobh an digitithe de, **is aighne agus is cleachtóir é IMC in éineacht**, agus déanfaidh sé dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur chun cinn, saothróidh sé digitiú a chuid foilseachán, agus cuirfidh sé ábhar ó institiúidí cultúrtha na hÉireann chun cinn ar thairseacha agus ar stórtha oidhreachta cultúrtha amhail Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, Taisclann Dhigiteach na hÉireann agus Europeana.



ST BONAVENTURE'S,
CAPUCHIN HOSTEL,
CORK,

November 22, 1946.

Dear Miss Brereton,

I have been told by Prof. Hogan to request you to return me the article I submitted recently to the Commission and also the photographs that accompanied it. There are some alterations to be made in the article before I pass it for press.

Prof. Hogan also made known to me the decision of the Commission to present to the Archivio Storico in Milan a set of volumes of the Commentarius to replace the original which has unfortunately perished. I feel grateful to the Commission for their graceful and generous action at the instance of Prof. Hogan.

The name and address of the Director of the Archivio, who is a lady, are :

Signorina Dottore C. Santoro,
Arcivio Storico Civico & Trivulziana,
Castello Sforzesco,
Milano.

With all good wishes,
Sincerely yours,

Fr. Stanislaus. O.F.M. Cap.

NAI, IMC 97/42/197

# Mar fhoilsitheoir

## Príomhfhoilsitheoir ábhar foinsí príomhúla ar stair na hÉireann agus ar a pobail

Tá cáil idirnáisiúnta ar an gCoimisiún maidir le cáilíocht a chuid foilseachán; déantar athbhreithniú piaraí ar gach foilseachán agus déantar iad a tháirgeadh de réir na gcaighdeán léannta is airde, rud a chinntíonn cáilíocht agus iontaofacht agus caomhnú fadtéarmach na bhfoinsí príomhúla ar a mbíonn na heagráin seo bunaithe: 'le fóirdheontais thuisceanacha, iad go measartha beag, cinntíodh go mbeadh an Coimisiún Lámhscríbhinní ina lóchrainn amhail rabhchán' ('Textual healing' – Times Literary Supplement, London, 8 Bealtaine 2009).

Is a tréimhse 2023–2027, déanfaidh IMC a ról mar fhoilsitheoir ábhar foinsí príomhúla ar stair na hÉireann agus ar a pobail a leathnú agus a fhorbairt tuilleadh, chun bonneagar taighde a sholáthar dóibh siúd atá i mbun taighde stairiúil ar fud an domhain.

## Cuspóir

Féachfaidh IMC leis an tosaíocht sin a bhaint amach trí cheithre imleabhar a chur i gcló in aghaidh na bliana ar an meán, chomh maith le heagráin leictreonacha a fhoilsiú.

Tá gá leis na gníomhaíochtaí seo a leanas chun an tosaíocht straitéiseach sin a bhaint amach:

## Clár foilsitheoireachta 2023–2027

1. Tá IMC tiomanta do mhórchlár foilsitheoireachta de dheich n-eagrán il-imleabhar agus aon eagrán déag aon-imleabhar d'fhoinsí príomhúla agus trí eagrán dá shraithfhoilseachán (féach lch. 11);

2. Féachfaidh IMC le foinsí príomhúla a fhoilsiú i bhformáid dhigiteach, ar foinsí iad nár foilsíodh roimhe seo agus arb iad is oiriúnaí don fhoilsiú leictreonach dar leis an gCoimisiún;

3. Féachfaidh IMC le comhoibriú leis an gCartlann Náisiúnta, Éire (NAI), le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) agus le hOifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann d'fhonn tabhairt faoi chomhthionscadail;




## Foinsiú ábhar atá le foilsiú

4. Gach bliain faigheann IMC líon suntasach moltaí ar fhoilseacháin ó réimse daoine aonair. Leanfaidh sé de mholtaí den sórt sin a spreagadh agus a fhorbairt.

## Ina theannta sin:

5. Sainaithneoidh IMC bailiúcháin leochaileacha nó bailiúcháin dhearmadta;

6. Cuirfidh IMC san áireamh mar eagráin IMC amach anseo foinsí neamhfhoilsithe a d'fhéadfadh a bheith luachmhar do staraithe agus do ghinealaithe áitiúla agus teaghlaigh;

7. Díreoidh IMC ar fhoinsí Gaeilge a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leo;

8. D'fhonn an rochtain ar fhoinsí ar stair na hÉireann a mhéadú, fáiltíonn IMC roimh mholtaí a bhaineann le haistriúcháin ar fhoinsí nach as Béarla iad.

## Tosaíochtaí foilsitheoireachta a bhunú: sásra rialaithe airgeadais

I bhfianaise na srianta buiséadacha, cuirfidh Cathaoirleach IMC liosta de na tionscadail fhormheasta agus a ndátaí críochnaithe dóchúla i láthair ag gach cruinniú den Choimisiún.



## Foilseacháin IMC a chur chun cinn

Coinneofar ar bun gníomhaíochtaí atá ceaptha taca a chur faoi chur chun cinn fhoilseacháin IMC, agus faoi chlú IMC, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus cuirfear tús le gníomhartha nua:

9. Bainfidh IMC úsáid as na meáin chraolta, chlóite agus shóisialta chun a chuid foilseachán a chur chun cinn;

10. Déanfaidh IMC tuilleadh forbartha ar an straitéis reatha margaíochta agus cumarsáide chun díriú ar scoláirí, ar lucht acadúil, ar chartlannaithe, ar leabharlannaithe, ar ghinealaithe agus ar mhic léinn staire agus cultúir, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne;


11. Cuirfidh IMC a chuid foilseachán chun cinn i measc bhaill na staire réigiúnaí agus áitiúla agus i measc sochaithe ginealeolaíochta ar fud an oileáin;

12. Leanfaidh IMC de dhearadh a shuímh gréasáin a nuashonrú gur fear a thacófar leis na seirbhísí a chuireann sé ar fáil, maidir le hacmhainní digiteacha go háirithe

13. Méadóidh IMC feasacht agus dáileadh catalóg na bhfoilseachán, ar líne agus i gcló araon.





## CLÁR FOILSITHEOIREACHTA 2023–2027

### EAGRÁIN IL-IMLEABHAR

- *Mapping Ireland, c. 1550–1636: an illustrated catalogue of manuscript maps of Ireland* (eag. Annaleigh Margey) (2023) (2 iml.)
- *Calendar of State Papers, Ireland, Tudor Period, 1553–1565* (eag. Ciaran Brady; eag. gin. Nicholas Canny) (2023)
- *Irish chancery rolls, c. 1300–1500* (príomheag. Peter Crooks) (2024) (5 iml. ag an am céanna)
- *Books of survey and distribution* (eag. David Brown agus Micheál Ó Siochrú) (2024) (5 iml. ag an am céanna)
- *The Ernie O'Malley interviews* (eag. Eve Morrison agus Anne Dolan) (2024–7) (12 iml ina sraitheanna)
- *The Italian correspondence of Cardinal Paul Cullen* (eag. Anne O'Connor) (2025) (3 iml. ag an am céanna)
- *Commentarius Rinuccinianus* iml. I (eag. James McGuire, aistrithe ag Gráinne McLaughlin et al.) (2025–7) (5 iml. ina sraitheanna)
- *The Moore letters, 1783–1859* (eag. David Dickson agus Breandán Mac Suibhne) (2026) (3 imleabhar ag an am céanna)
- *The annals of Ballitore, 1766–1819* (eag. Magda Stouthamer-Loeber) (2027) (3 iml. ag an am céanna)
- *Historia: the history or annals of the Irish mission of the Capuchins up to the year 1655* (eag. Jason Harris agus Nóirín Ní Bheaglaoi (2027) (2 iml. ag an am céanna)

### EAGRÁIN AON-IMLEABHAR

- *Trustees reports arising from the Act of Resumption 1701* (eag. C. Ivar McGrath agus Frances Nolan) (2023)
- *Analecta Hibernica* Uimh. 53 (eag. Peter Crooks, Elva Johnston agus Timothy Murtagh) (2023)
- *The letterbook of Richard Boyle, 1st earl of Cork, 1629–1633* (eag. Aidan Clarke[†], Bríd McGrath agus David Edwards) (2023)
- *Calendar of entries in the Papal Registers relating to Great Britain and Ireland. Papal Letters, vol. XXIII*, Part 2, 1523–1534, Clement VII, Lateran Registers (eag. Alan Macquarrie) (2023)
- *'As I think I am: being the life of an Anglo-Irish man'. A memoir by Hugh Alexander Law* (eag. Conor Mulvagh) (2024)
- *Business in Ireland, 1782–1860: records of business partnerships in the Registry of Deeds* (eag. Máire Mac Conghail agus Seán Magee) (2024)
- *Letters to and from internment camps in Ireland, 1920–1921* (eag. William Murphy) (2025)
- *Inquest reports of Dr Joseph E. Kenny, Dublin City Coroner, 1900* (eag. Ciara Breathnach agus Ian Walsh) (2025)
- *Analecta Hibernica* Uimh. 54 (eag. Elva Johnston) (2025)
- *A new edition and translation of the Statute of Kilkenny, 1366* (eag. Keith Busby) (2026)
- *Receipt books from Birr Castle, Co. Offaly* (eag. Danielle Clarke) (2026)
- *The correspondence of Mary Ann McCracken, 1770–1866* (eag. Cathryn McWilliams) (2027)
- *The letters of the seventeenth-century Boyle women* (eag. Ann-Maria Walsh) (2027)
- *Analecta Hibernica* Uimh. 55 (eag. Elva Johnston) (2027)

# Mar chomhpháirtí comhoibríoch

Is comhlacht saineolaithe ábhair é IMC a bhfuil saineolas acu ar fhoinsí príomhúla agus ar fhoinsí tánaisteacha. Léireoidh an IMC a ábharthacht leanúnach dá chroí-mhisean trí thionscnaimh chomhoibritheacha a fhorbairt.

## Cuspóir

Bainfidh IMC an úsáid is fearr is féidir as an saineolas sin i gcomhar leis na hinstitiúidí cultúrtha náisiúnta, comhlachtaí agus grúpaí gairmiúla, oideoirí, ranna agus gníomhaireachtaí, ach gan a bheith teoranta dóibh, chun úsáid na bpríomhthaifead a thabhairt chun tosaigh agus a chur chun cinn.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déanfaidh IMC an méid seo a leanas:


14. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscadail speisialta agus ar chomhoibrithe — ar nós tionscadal ábhair tharrthála 1922 leis an NAI agus lena chroí-chomhpháirtíocht le Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann na hÉireann — d'fhonn an saibhreas foinsí ar stair na hÉireann agus ar a pobail a chur i láthair an lucht féachana is leithne is féidir;

15. Comhpháirtíochtaí sonracha a fhiosrú agus a fhorbairt i gcás inar féidir taifid atá i mbaol a dhaingniú agus a chaomhnú ar mhaithe le rochtain phoiblí;

16. Tacú le tionscnaimh shonracha próiseála bailiúcháin, i gcás ina n-aithnítear go bhfuil tábhacht thráthúil nó taighde ag baint leis an mbailiúchán go háirithe;

17. An rochtain ar a chuid foilseachán féin a uasmhéadú trí bhallraíocht fhoirmiúil Thaisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) agus trí stórtha rochtana oscailte ábhartha eile;

18. Fóraim agus imeachtaí idirdhisciplíneacha a fhorbairt agus a chur chun cinn, rud a fhágann, mar gheall ar a seasamh mar chomhlacht neodrach, gur féidir cuireadh a thabhairt do ghrúpaí éagsúla agus iad a chur san áireamh.





*Taifid shabhailte NAI o 1922*

# Mar chomhairleoir



Beidh IMC ina shainchomhairleoir maidir le saincheisteanna agus le beartais a bhaineann le lámhscríbhinní agus le taifid stairiúla.

## Cuspóir

Bainfidh IMC an tosaiocht seo amach tri chomhairle a chur ar fail don Rialtas, do na forais chulturtha naisiunta agus do chomhlachtai agus d'institiuidi eile cartlainne, culturtha agusacadula. Beidh an chomhairle sin bunaithe ar an taithi institiuideach chomhchoiteann ata ag IMC agus ar shaineolas a chomhaltai aonair.

## Comhairle a thabhairt

Tá gá leis na gníomhaíochtaí seo a leanas chun an tosaíocht straitéiseach sin a bhaint amach:

19. Feidhmeoidh IMC a oibleagáidí reachtúla i ndáil leis an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997, ailt 48(3) agus 48(5) chun comhairle a chur ar an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, faoi threoir an Aire. Cuirfidh sé moltaí faoi bhráid an Aire, más cuí, faoi alt 48(6);

20. Cuirfidh IMC comhairle ar an NAI agus ar an NLI maidir le sealbhú agus foilsiú lámhscríbhinní stairiúla a bhaineann le hÉirinn agus lena pobail;

21. Sainaithneoidh IMC saincheisteanna a bhfuil tábhacht ag baint leo agus ar féidir leis a bheith ina chabhair maidir le beartas a fhorbairt nó comhairle a chur ar fáil do lucht déanta beartas oidhreachta cultúrtha;

22. Cuirfidh IMC comhairle eolach ar fáil don Rialtas, agus don Oireachtas nuair is cuí, maidir le taifid agus páipéir a oscailt, ar taifid agus páipéir iad atá dúnta don phobal taighde, agus atá á gcoimeád in institiúidí faoi rialú an stáit;

23. Cuirfidh IMC comhairle ar an Rialtas, ag tarraingt ar a thaithí féin (Mar thionscnóir feasachta, lch. 14), maidir leis an ngá atá le beartas náisiúnta maidir le caomhnú taifead, an rochtain ar thaifid chaomhnaithe agus úsáid a bhaint as taifid chaomhnaithe ag taighdeoirí, oideoirí agus ag an bpobal i gcoitinne;

24. Cuirfidh IMC sainchomhairle ar fáil do lucht acadúil agus do thaighdeoirí de réir mar a iarrtar.

# Mar thionscnóir feasachta

## Taifid a chaomhnú don todhchaí

Is cuspóir lárnach de chuid IMC é feasacht, comhairle agus abhcóideacht a chur chun cinn agus déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar a straitéisí feasachta, comhairle agus abhcóideachta i measc gairmithe sa stair agus i ndisciplíní gaolmhara, cartlannaithe, leabharlannaithe, ginealaithe, institiúidí oideachais, cultúrtha agus gairme, an pobal gnó, caomhnóirí bailiúchán príobháideach agus an pobal i gcoitinne..

## Cuspóir

Bainfidh IMC an tosaíocht seo amach trí leanúint le spreagadh agus comhairle a chur ar fáil d'institiúidí (poiblí nó príobháideach) agus do dhaoine aonair maidir le taifid a chaomhnú agus iad á gcoimeád, bídís ina taifid reatha nó neamhreatha, trí abhcóideacht, agus trí leanúint ar aghaidh le cur leis an bhfeasacht go bhfuil na taifid sin ina bhfoinsí príomhúla ar stair agus ar chultúir na hÉireann, nó gur foinsí príomhúla a bheidh iontu go luath.

## Feasacht a ardú

Saothrófar na gníomhaíochtaí seo a leanas chun an tosaíocht straitéiseach sin a bhaint amach:

25. Leanfaidh an Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain (PAAC) de bheith i dteagmháil le comhlachtaí reachtúla atá ar aon intinn leo (lena n-áirítear NAI, NLI, cartlannaithe cathrach agus contae, Cumann Cartlann agus Taifead, Éire agus Cartlannaithe agus Bainisteoirí Taifead na Rialtas Áitiúil) agus le grúpaí gairmiúla ionadaíocha agus daoine aonair ábhartha. Nuair is féidir, rannchuideoidh sé le comhthionscnaimh feasachta, rochtana agus abhcóideachta agus le forbairt beartais náisiúnta. Tríd an suíomh gréasáin agus trí fhógrán nuashonraithe, leanfaidh an Coiste d'fhaisnéis a sholáthar agus comhairle a chur ar fáil maidir le taifid a chaomhnú (go háirithe taifid ghnó agus taifid agus páipéir comhlachtaí deonacha) d'institiúidí speisialaithe agus cuideoidh sé le hócáid a eagrú chun saincheisteanna a bhaineann le rochtain a scrúdú. Leanfaidh PAAC de bheith ag tuairisciú do IMC dhá uair sa bhliain;

26. Leanfaidh IMC de bheith rannpháirteach i dtionscnaimh chaomhnaithe agus rochtana cartlainne, lena n-áirítear Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann;

27. Leanfaidh IMC de bheith rannpháirteach in imeachtaí cultúrtha chun (a) saothar agus foilseacháin IMC a chur ar taispeáint, agus (b) aird a tharraingt ar a ábhartha agus a luachmhaire atá sé taifid de gach cineál a chaomhnú;

28. Déanfaidh IMC Léacht Eoin Mhic Néill a eagrú agus a fhoilsiú, léacht ina léireofar an chaoi a dtarraingíonn staraithe as foinsí príomhúla nó a léirmhíníonn iad agus ina leagfar béim ar an tábhacht a bhaineann le hábhair foinsí príomhúla a chaomhnú;

29. Déanfaidh IMC idirchaidreamh le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe i ndáil le caomhnú, digitiú agus rochtain ar chartlanna agus ar bhailiúcháin lámhscríbhinní ar leith, lena n-áirítear an Suirbhé ar Thaifid Ghnó ag an NAI, agus taifid Choimisiún Talún na hÉireann;

30. Bronnfaidh IMC duais do mhac léinn ar a dtugtar Duais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, duais a bheidh dírithe ar scoláirí iarchéime atá ag teacht chun cinn agus a bhronnfar as páipéar bunaithe ar fhoinse phríomhúil a d'fhéadfaí a fhoilsiú ansin in *Analecta Hibernica*.






# Mar thacadóir do thionscnaimh dhigiteacha

## Dea-chleachtas maidir le hacmhainní digiteacha a tháirgeadh

Mar gheall ar an rochtain dhigiteach ar fhoinsí stairiúla, agus ar a n-infhionnachtaineacht ar líne, tá athrú ó bhonn tagtha ar thaighde acadúil, ar theagasc agus ar rannpháirtíocht an phobail. Cuidíonn an obair seo le pobal idirnáisiúnta scoláirí agus taighdeoirí saoránach a chothú a bhíonn ag gabháil do thionscadail shuaitheanta agus lámhscríbhinní digitithe ó thréimhse na meánaoise go dtí an stair chomhaimseartha.

Cé gurb é an foilsiú clóite príomhghníomhaíocht an Choimisiúin i gcónaí, tá IMC tiomanta don rochtain dhigiteach ar ábhair foinsí príomhúla a chur chun cinn agus tacú léi, i gcás inarb ábhartha agus inbhuanaithe, de réir chaighdeáin an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

## Cuspóir

Bainfidh IMC úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun raon feidhme na bhfoilseachán is déanaí de chuid an Choimisiúin a leathnú, chun feabhas a chur ar rochtain an phobail ar eagráin dhigiteacha IMC agus ar acmhainní digiteacha eile de chuid IMC, agus chun feasacht a ardú maidir le lámhscríbhinní digitithe agus tacair sonraí dhigitithe a bhaineann le hábhair foinsí príomhúla.

## Tionchar digiteach IMC a mhéadú

Tá sé sainaitheanta ag IMC go bhfuil na gníomhaíochtaí seo a leanas lárnach chun a chuspóirí a bhaint amach maidir leis an rochtain ar acmhainní digiteacha a fheabhsú sa tréimhse 2023–2027:

31. Leanfaidh IMC de bheith ag rannchuidiú, mar chomhpháirtí, le tionscnaimh dhigiteacha lena mbaineann príomhfhoinsí príomhúla, agus is tionscnaimh iad seo atá lárnach i sainchúram IMC, amhail Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann;

32. Aithneoidh IMC comhpháirtithe le haghaidh tionscadail thábhachtacha digitithe, agus éascóidh sé comhoibriú a mhéadóidh tionchar agus feasacht ar fhoinsí príomhúla ar stair na hÉireann agus ar a pobail;

33. Cuirfidh IMC úsáid prótacal digitithe chun cinn atá i gcomhréir leis an dea-chleachtas dirnáisiúnta;

34. Leanfaidh IMC de dhigitiú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar eagráin IMC atá ar fáil i gcló cheana féin, agus é mar chuspóir go ndéanfar gach foilseachán IMC a dhigitiú faoi 2028;

35. Bainfidh IMC leas as eolas agus saineolas a bhoird agus a institiúidí comhpháirtíochta chun modhanna oiriúnacha agus éifeachtúla digitithe a shainaithint agus a chur i bhfeidhm ar na stíleanna éagsúla d'fhoilseacháin IMC, i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr;


36. Déanfaidh IMC gach moladh ar fhoilseachán nua a mheas ar aschur digiteach, más ábhartha agus inbhuanaithe, a thiocfaidh amach in éineacht le foilsiú clóite nó ina dhiaidh;

37. Leanfaidh IMC de bheith ag cur eagráin oidhreachta IMC ar fáil ar líne don lucht féachana is leithne is féidir go hidirnáisiúnta, ag baint úsáide as caighdeáin iomchuí agus ardáin dhigiteacha;

38. Cinnteoidh IMC go ndéanfar eagráin oidhreachta IMC a chaomhnú go fadtéarmach agus go mbeidh rochtain oscailte orthu trí bhallraíocht de DRI;

39. Cuirfidh IMC feabhas ar luach tionchair, ar in-traschuardaitheacht agus ar scaipeadh shócmhainní digiteacha an Choimisiúin trí chomhpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal, le leabharlanna, le cartlanna agus le DRI; leis seo, beifear in ann úsáid a bhaint as Eagráin Dhigiteacha IMC agus as acmhainní IMC mar thacaíochtaí oideolaíocha do mhic léinn agus do thaighdeoirí, méadófar tionchar obair an Choimisiúin tuilleadh agus déanfar feasacht ar fhoinsí príomhúla ar stair na hÉireann agus ar a pobail a chur chun cinn;

40. Déanfaidh IMC eisiúint agus foilsiú Eagráin Dhigiteacha, tacair sonraí inchuardaithe agus tionscadail chomhoibríocha a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne d’fhonn teagmháil a dhéanamh le mic léinn, lucht acadúil, taighdeoirí agus ginealaithe.



# Acmhainní Digiteacha IMC Reatha

## Reatha

**IMC Digital Editions**

Íoslódáil agus cuardaigh PDFanna d'eagráin IMC atá as cló

- *The civil survey, 1654–56*, eag. Robert C. Simington (10 n-iml., 1931–61)
- *Calendar of Ormond deeds*, eag. Edmund Curtis (6 iml., 1932–43)
- *The correspondence of Daniel O'Connell*, eag. Maurice O'Connell (8 n-iml., 1973–80)
- *Correspondence of Emily, Duchess of Leinster, 1731–1814*, eag. Brian FitzGerald (3 iml., 1949–57)
- *Registry of Deeds Dublin, abstracts of wills*, eag. Eilis Ellis agus P. Beryl Eustace (3 iml., 1954–84)
- *Books of survey and distribution … 1636–1703*, eag. Robert C. Simington (4 iml., 1949–62)
- *Corpus inscriptionum insularum Celticarum*, eag. Robert A. S. Macalister (2 iml., 1945–49)
- *Commentarius Rinuccinianus … 1645–49*, eag. Fr Stanislaus Kavanagh (6 iml., 1932–49), iml. I agus VI
- *Wild Geese in Spanish Flanders, 1582–1700*, eag. an Urr. Brendan Jennings
- *The Inchiquin manuscripts*, eag. John Ainsworth
- *King's Inns admission papers, 1607–1867*, eag. Edward Keane, P. Beryl Phair agus Thomas U. Sadleir
- *Guide to Irish Quaker records*, eag. Olive C. Goodbody
- *Fitzwilliam accounts, 1560–65* (Bailiúchán Annesley), eag. Ada K. Longfield
- *Dowdall deeds*, eag. Charles McNeill agus Annette Jocelyn Otway–Ruthven
- *Knights' fees in counties Wexford, Carlow and Kilkenny*, eag. Eric St. John Brooks
- *The Tanner letters*, eag. Charles McNeill
- *Extents of Irish monastic possessions, 1540–41*, eag. Newport B. White
- *The Kenmare manuscripts*, eag. Edward MacLysaght
- *Calendar of the Orrery papers*, eag. Edward MacLysaght
- *An Leabhar Muimhneach: maraon le suim Aguisíní*, eag. Tadhg Ó Donnchadha
- *The Book of Fenagh: supplementary volume*, eag. Robert A. S. Macalister
- *A 'Census' of Ireland* circa *1659*, eag. Séamus Pender
- *Déssi genealogies*, eag. Séamus Pender
- *Irish monastic and episcopal deeds, 1200–1600 …* [ó bhailiúchán Urumhan], eag. Newport B. White
- *Lebor Bretnach: the Irish version of the* Historia Britonum *ascribed to Nennius*, Anton G. van Hamel *Genealogical tracts I*, eag. Toirdhealbhach Ó Raithbheartaigh
- *A topographical index of the parishes and townlands of Ireland in Sir William Petty's MSS barony maps (c. 1655–9) and* Hiberniae Delineatio (*c.* 1672), eag. Yann M. Goblet

**Franciscan Accounts**

Bunachar caiteachais inchuardaithe le haghaidh an Lána Leathain, Corcaigh, le haghaidh 1764 go 1921

Cuardaigh *c.* 40,000 iontráil de réir dáta agus téacs saor.

Bunaithe ar eagrán 2012 *The account books of the Franciscan House, Broad Lane, Cork, 1764–1921* curtha in eagar ag Clare Murphy agus Liam Kennedy.

**Analecta Hibernica**

Cuardach simplí ar gach imleabhar a foilsíodh

Cuardaigh Uimhreacha 1–52 de réir uimhreach imleabhar, rannchuiditheoir nó teideal.

## Le teacht

**Sources for Irish Women's History**

Bunachar sonraí inchuardaithe ina bhfuil níos mó ná 20,000 taifead in 221 stór ar oileán na hÉireann ina bhfuil cuardach casta de réir eochairfhocail, dáta, stór agus bailiúchán.

**IMC Digital Editions – deireadh 2023**


Cuirfear 70 PDF breise ar fáil d'eagráin IMC atá as cló.

**The Italian correspondence of Cardinal Paul Cullen – deireadh 2024**

Bunachar sonraí inchuardaithe de *c.* 970 litir in Iodáilis idir Cullen agus comhfhreagraithe san Iodáil

Tras-scríobh a fhreagraíonn don aistriúchán Béarla trí imleabhar a chuir Anne O'Connor in eagar.


# Torthaí 2018–2022




Baineadh amach na torthaí seo a leanas sa tréimhse a chumhdaítear de bharr *Plean Forbartha Straitéisí 2018–2022.*

**Foilseacháin:**
D'fhoilsigh IMC na 18 rud seo a leanas, idir eagráin, fhéilirí, atheagraithe irise agus paimfléid (ina 19 n-imleabhar) sa tréimhse 2018–2022:

- Poema de Hibernia: a *Jacobite Latin epic on the Williamite wars* (eag. Pádraig Lenihan agus Keith Sidwell)
- *Calendar of Papal letters relating to Great Britain & Ireland, vol. XXIII, part 1, 1523–1534, Clement VII* (eag. Alan Macquarrie)
- *The letters of Katherine Conolly, 1707–1747* ((eag. Marie-Louise Jennings† agus Gabrielle Ashford)
- *Analecta Hibernica* Uimh. 49 (eag. James Kelly)
- *Documents relating to the Bogs Commissioners, 1809–1813* (eag. Arnold Horner)
- *1641 Depositions, vol. V: Kildare & Meath* (príomheag. Aidan Clarke†)
- *Irish Jesuit annual letters, 1604–1674* (eag. Vera Moynes, 2 iml.)
- *The diary (1689–1719) and accounts (1704–1717) of Élie Bouhéreau* (eag. Marie Léoutre, Jane McKee, Jean-Paul Pittion agus Amy Prendergast)
- *Analecta Hibernica* Uimh. 50 (eag. James Kelly)
- *1641 Depositions, vol. VI: Laois & Offaly* (príomheag. Aidan Clarke†)
- *The Act Book of the diocese of Armagh, 1518–1522* (eag. John McCafferty)
- *The Eoin MacNeill Lecture 2019 — Sustaining identity and peace-building through community archives* (le Anne Gilliland)
- *Analecta Hibernica* Uimh. 51 (eag. James Kelly)
- *Campaign journals of the Elizabethan Irish wars* (eag. David Edwards (foil. 2014), foil. faoi chlúdach bog 2021 (athchlóite 2022)
- *The Irish religious censuses of the 1760s: Catholics and Protestants in eighteenth-century Ireland* (eag. Brian Gurrin, Kerby Miller agus Liam Kennedy)
- *Irish maritime trade in the Restoration era: the letterbook of William Hovell, 1683–1687* (eag. James O'Shea)
- *The Eoin MacNeill Lecture 2022 — Intricate threads and bigger pictures: lives in archives* (le Ludmilla Jordanova)
- *Analecta Hibernica* Uimh. 52 (eag. Elva Johnston)






# Torthaí 2018–2022

*ar lean*

**Paindéim COVID-19:**
Bhí tionchar ag an bhfreagairt sláinte poiblí ar phaindéim COVID-19 a mhair ó mhí an Mhárta 2020 go dtí mí an Mhárta 2022 ar thorthaí 2018-2022. Chuaigh na srianta i bhfeidhm ar shreafaí oibre agus ar fhoilsiú pleananna IMC ach chomh maith leis sin chuaigh siad i bhfeidhm ar an gcumas cruinnithe agus imeachtaí ar an láthair a reáchtáil amhail seoltaí leabhar agus léachtaí poiblí.

**Tionscadail ardphróifíle:**
Rinne IMC a thiomantas do shé thionscadal ardphróifíle sa tréimhse 2018–2022 a chur chun cinn:

- *Commentarius Rinuccinianus* — aistriúchán Béarla iomlán ar an tsraith cúig imleabhar *Commentarius* a aistriú den chéad uair, sraith a foilsíodh ar dtús i Laidin amháin;
- *Historia* — tras-scríobh ón lámhscríbhinn Laidine a fhoilsiú den chéad uair in éineacht le haistriúchán Béarla iomlán ar an bhfoinse seo ar fhoinse mhór í ach nach bhfuil mórán aithne uirthi, foinse ar stair mhisean na gCaipisíneach in Éirinn go dtí 1655;
- 1641 Sraith taiscí — leagan clóite de ráitis fhinnéithe a tógadh tar éis thús na cogaíochta in Éirinn a fhoilsiú in 12 imleabhar i bhfómhar 1641, é in eagar agus innéacsaithe go hiomlán;
- *Irish chancery rolls*, c. *1300–1500* — eagrán clóite cúig imleabhar a fhoilsiú atá bunaithe ar an tionscadal CIRCLE ar líne atá á óstáil ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath;
- *Books of survey and distribution* — i gcomhar le tionscadal Shuirbhéireacht an Dúin atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath — foilseofar eagrán clóite cúig imleabhar d'fhiche imleabhar lámhscríbhinne Oifig an Chíosa Chúitigh NAI agus cuirfidh sé sin leis an mbunachar sonraí inchuardaithe a chuirtear ar fáil ar líne trí Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann i mí an Mheithimh 2022;
- *Mapping Ireland*, c. *1550–1636: an illustrated catalogue of manuscript maps of Ireland* — formáid mhór, saothar dhá imleabhar ina mbailítear léarscáileanna lámhscríbhinne agus suirbhéanna a bhaineann le hÉirinn sa Nua-aois Luath, cuid díobh nár foilsíodh riamh roimhe seo.

**Ceaduithe foilsithe:** i ndeireadh 2022 bhí cúig mholadh is tríocha formheasta go foirmiúil ag IMC.

**Moltaí nua:** tá sruth seasta de mholtaí nua ar fhoilseacháin á gcur faoi bhráid IMC. Sa tréimhse 2018-2022, fuarthas idir ceithre cinn agus deich gcinn de mholtaí in aghaidh na bliana.

**Suíomh gréasáin nua:** Seoladh suíomh gréasáin nuashonraithe bunaithe ar theimpléid WordPress, lena n-áirítear suíomh móibíleach freagrúil, i mí Feabhra 2020. Socraíodh seirbhísí gréasáin (acmhainní digiteacha, siopa ar líne, catalóg foilseachán, nuacht) chun úsáid an tsuímh ghréasáin a léiriú.

**Rannpháirtíocht an phobail:** i mí Mheán Fómhair 2018 agus arís in 2019, ghlac IMC páirt in Oíche Chultúir le flosc agus le fonn. Taispeánadh samplaí d'fhoilseacháin IMC do chuairteoirí, tugadh léacht ghairid dóibh ar ghníomhaíochtaí IMC agus spreagadh iad le bheith feasach ar an gcartlann.





Tar éis do IMC páirt a ghlacadh in Oíche Chultúir, ghlac sé páirt i bhFéile na Staire Baile Átha Cliath arna heagrú ag Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath. Is i 2020 a ghlac IMC páirt an chéad uair, agus d'fhoilsigh sé trí fhíseán ar a chainéal YouTube, físeáin dar téama 'After the fire: The Irish Manuscripts Commission and the writing of Irish history'. Tugadh léiriú sna físeáin ar obair IMC maidir le caillteanais an ama a caitheadh a mhaolú agus le foinsí, féilirí agus liostaí a ndearnadh eagarthóireacht orthu a chur ar fáil — i gcló agus ar líne — lena n-úsáid mar bhonn do scríobh agus do thuiscint ar stair na hÉireann.

In 2021, d'fhoilsigh IMC dhá fhíseán ghearra déag ar a chainéal YouTube, físeáin dar téama 'Generous effort' — tagairt d'óráid a rinne an Seanadóir Alice Stopford Green sa Seanad an 4 Meitheamh 1924. Agus í ag cur na dtuarascálacha deiridh ó Choiste Lámhscríbhinní na hÉireann faoi bhráid na Dála an 4 Meitheamh 1924, is éard a dúirt sí, 'más mian linn féinmheas náisiún na hÉireann agus meas daoine eile ar an náisiún seo a spreagadh, áitím, mar sin, gur gá iarracht ollmhór a dhéanamh ár stair a thabhairt dúinn féin, agus í a thabhairt de réir eolas atá iomlán agus leormhaith'. Tá IMC ag táirgeadh foinsí den sórt sin ó 1928 agus tugadh cuireadh do roinnt scoláirí labhairt faoin eagrán is fearr leo den IMC. Sa rogha a rinne siad, tá léiriú ar a bpaisean don mhéid a dhéanann siad agus ar a ndíograis do na taifid a d'fhág ár réamhtheachtaithe ina ndiaidh.

Tionóladh an chéad imeacht d'Fhéile Staire Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann an 8 Deireadh Fómhair 2022. Thug comhaltaí IMC léiriú ar chineálacha éagsúla cur chuige chun na Leabhair Suirbhéireachta agus Dáileacháin a chuardach i Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann.

**Seoladh:** in 2018 agus 2019 reáchtáil IMC sé sheoladh leabhar agus tionóladh ceann díobh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, in Ambasáid na hÉireann chuig an Suí Naofa sa Róimh i mí na Samhna 2018. Idir mí an Mhárta 2020 agus mí an Mhárta 2022 níorbh fhéidir tabhairt faoi imeachtaí ar an láthair mar gheall ar shrianta sláinte poiblí COVID-19 agus tosaíodh ar sheoltaí a reáchtáil arís i mí an Mhárta 2022 le seoladh comhpháirteach le haghaidh na bhfoilseachán uile a foilsíodh le linn an dá bhliain roimhe sin. Reáchtáladh seoladh eile i gCorcaigh i mí na Nollag 2022.

# Torthaí 2018–2022

*ar lean*

**Léacht Eoin Mhic Néill:** le linn na tréimhse 2018 go 2022, tugadh dhá Léacht Mhic Néill. I mí na Bealtaine 2019, an tOllamh Anne Gilliland, Comhdhéan um Staidéar Faisnéise, Stiúrthóir Staidéir Cartlainne agus Ollamh agus Stiúrthóir Ionad na Faisnéise mar Fhianaise, thug sí an tríú léacht Eoin Mhic Néill, in Ollscoil California, Los Angeles. Ba é teideal na léachta 'Sustaining identity and peace-building through community archives' agus foilsíodh í i bhfoirm paimfléid in 2020. I mí na Bealtaine 2022, an tOllamh Ludmilla Jordanova, Ollamh Emeritus le Stair agus le hAmharc-Chultúr agus Stiúrthóir an Ionaid um na hAmharc-Ealaíona agus Cultúr, Ollscoil Durham, thug sí an ceathrú Léacht Eoin Mhic Néill idir 2015 agus 2019. Ba é teideal na léachta 'Intricate threads and bigger pictures: lives in archives' agus foilsíodh í i bhfoirm paimfléid go déanach in 2022.

**Acmhainn Chartlainne na hÉireann (IAR)** Trí thacaíocht leanúnach a thabhairt d'obair an IAR, chuir IMC chun cinn an rochtain ar fhoinsí cartlainne, agus leanann sé dá cur chun cinn. Déantar ionadaíocht thar ceann IMC ar Choiste Stiúrtha IAR a fhéachann le cothabháil agus le forbairt a dhéanamh ar an tairseach a seoladh in 2011 trínar féidir cuardach a dhéanamh ar bhailiúcháin go leor seirbhísí cartlainne beaga ar fud na hÉireann.



**Sócmhainní Digiteacha:** I ndeireadh 2020 rinne IMC 57 Eagrán Dhigiteacha dá chuid—cóipeanna de shaothair atá as cló — agus tá siad ar fáil le híoslódáil saor in aisce mar PDFanna. Cuireadh tús leis an obair ar acmhainn dhigiteach nua go luath in 2022 agus leagan athbhreithnithe nuashonraithe de Thionscadal Stair na mBan (WHP) A directory of sources for women's history in Ireland a chéadfhoilsigh IMC ar CD ROM in 1999, cuirfear é sin leis an rannán Acmhainní Digiteacha ar shuíomh gréasáin IMC go luath in 2023. Fuair an obair athbhreithniúcháin ar bhunachar sonraí WHP maoiniú ón gclár 'Mná 100' de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le maoiniú comhoiriúnaithe ó IMC.

**Tionscadail chomhoibritheacha:** Chuir IMC síneadh lena chomhoibriú le NAI maidir le hurraíocht a dhéanamh ar an measúnú caomhantais ar na hábhair tharrthála ó dhóiteán 1922 ag Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn (PROI) agus le comhairle a chur ar fáil faoin tábhacht stairiúil a bhaineann leo. In 2018, rinneadh Croí-Chomhpháirtí de IMC in Beyond 2022, tionscadal chun bailiúcháin PROI i Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann a atógáil, agus seoladh an tionscadal i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 27 Meitheamh 2022. In 2021, trí choimirce Beyond 2022, rinne IMC urraíocht ar obair cartlannaí chun taifid tharrthála ó1922 nár scrúdaíodh roimhe seo a liostú d'fhonn an liostú sin a fhoilsiú.



# Cairt eagraíochta

Sonraítear sa léaráid seo a leanas pearsanra agus eagraíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ó mhí na Nollag 2022.

## COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

### Comhaltaí

John McCafferty, UCD, CATHAOIRLEACH

Robert Armstrong, TCD

Ciara Breathnach, UL

Lindsey Earner-Byrne, UCC

Liam Chambers, MIC

Marie Coleman, QUB

Peter Crooks, TCD

Elaine Farrell, QUB

Patrick Geoghegan, TCD

David Hayton, QUB

Niamh Howlin, UCD

Alvin Jackson, UNIVERSITY OF EDINBURGH

Elva Johnston, UCD

Marian Lyons, MU

Orlaith McBride, STIÚRTHÓIR CHARTLANN NÁISIÚNTA, NA hÉIREANN (*ex officio*)

Kate Manning, UCD

Hiram Morgan, UCC

Nicola Morris

STIÚRTHÓIR, LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN (*ex officio*)

LEASCHOIMEÁDAÍ, OIFIG TAIFEAD POIBLÍ THUAISCEART ÉIREANN (*ex officio*)

### Analecta Hibernica

Curtha in eagar ag Elva Johnston

### Comhaltaí Oinigh

Louis Cullen, OLLAMH EMERITUS LE STAIR NA hÉIREANN, TCD

### Buanchoiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

John McCafferty

Robert Armstrong

Ciara Breathnach

Liam Chambers

David Hayton

Alvin Jackson

Elva Johnston

Marian Lyons

Nicola Morris

### Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain

Marie Coleman

Niamh Howlin

Kate Manning

Nicola Morris

### Riarthóir

Cathy Hayes

# KEEP IN TOUCH

www.irishmanuscripts.ie

The Irish Manuscripts Commission is funded by
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht,
Sport and Media

Tá Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann maoinithe ag
An Roinn Turasóirreachta, Cultúir, Éalaíon, Gaeltachta,
Spóirt angus Meán

Irish Manuscripts Commission
45 Merrion Square
Dublin 2, D02 VY60, Ireland

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2, D02 VY60, Éire